

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	D001
Ainm an Agalláí	Donnchadh Ó Laighin
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	12/02/2007
Suíomh an Agallaimh	An Caiseal, Cill Charthaigh
Ainm an Tras-Scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ + '

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: An raibh na hiascairí, agus creidim go raibh, bhí siad piseogach?

DONNCHADH: Bhuel bheadh, nuair a bheifeá ag fágáil an ché, seo rud a, seo rud a, seasaim corr uair anois ar an ché mé féin nuair a bheadh bádaí ag gabháil amach agus ní, an aos óg atá ag gabháil amach anois, ní dhéanfaidh siad difir ar bith, an chéad rud a dhéanfa chomh luath agus a d'fhágfa an cé, dá mbeadh, mbeadh, mbeadh aghaidh le dhul amach, bhfuil a fhios agat, ón gcúl ón cé, thiontófa thart, leis an ghrian, cibé áit, cibé dóigh a bhí tú réidh, sula rachfa amach ón chuan, thiontófa thart, bhfuil a fhios agat an dóigh atá an ghrian ag gabháil thart ar an spéir agus bhíd sé ag cur nó tirim, bhaineadh an uile duine dá mbeadh bearád orthu, bhaineadh siad an bearád díofa agus deireadh an uile duine paidrín go gcuireadh Sé na bhaile slán iad ar an ché ar ais. Agus go gcuireadh Sé an t-ádh orthu a fhad agus a bhíodh siad amuigh. Sin rud, sílim i do sheasamh anois ar cé ar bith, ní fheicfidh tú, duine óg ná, ag déanamh an rud atá mé ag caint fá dtaobh de. Níl a fhios agam, cibé, cé acu piseoga atá ann ná cibé atá ann, sin rud amháin a tháinig athrú mór air.

DÓNALL: Ach b'fhéidir gur creideamh maith a bhí ann sa chás sin a Dhonnchaidh.

DONNCHADH: Bhuel creidim go bé, an bhfuil a fhios agat, agus ní rachadh, rud eile, dá mbeifeá ag cur bád ar an uisce . Sula rachadh an bád síos ar an uisce, thuas ag tosach an bháid, bhíodh tairne le buidéal uisce coisreactha, a chur, bheadh sé crochta ansin ar thairne thuas ag tosach an bháid, agus níodh, bhfuil a fhios agat, nuair a bheadh sí tarraingthe suas ag an, sa gheimhreadh, b'fhéidir bádaí nach raibh amuigh ag iascaireacht b'fhéidir sa gheimhreadh, nuair a bheadh siad ag cur síos na bádaí sin, bhfuil ,a fhios agat, ag tos..., thart fá mí Mhárta ná b'fhéidir mí Aibreáin, ach is é an chéad rud cibé duine ar leofa an bád, bheadh buidéal uisce coisreactha ceangailte ansin ar an tairne. Bhfuil a fhios agat, go mbeadh sé leofa. Agus, ní bheadh sin, ní buidéal folamh a bheadh ann, ag am ar bith. Bheadh sé lán uisce coisreactha.

DÓNALL: Agus ar cailleadh iascairí ar an chósta anseo, a Dhonnchaidh, in d'am féin?

DONNCHADH: Eh?

DÓNALL: Ar cailleadh iascairí amuigh anseo ar an chósta?

DONNCHADH: No, níor cailleadh, níor cailleadh duine ar bith a fhad is, ar dhá thaobh an chuain. Eh, sin as Teileann nó ó Lag na gCaorach anseo. Níor cailleadh duine ar bith a fhad agus a bhí mise ag iascaireacht ansin ach cailleadh daoine roimhe seo, an bhfuil a fhios agat, agus eh, cailleadh daoine as na Cealla agus áiteanna mar sin ach eh, bádaí a bhí ag iascaireacht as, as Cuan Theilinn anseo, eh, níor cailleadh duine ar bith a fhad agus a bhí mise ag iascaireacht i gcás ar bith.

DÓNALL: Eh, a Dhonnchaidh, Cill Char..., Cill Chartha, ba Naomh a bhí in Cartha? An bé?

DONNCHADH: Sea, sea, Naomh, Naomh a bhí in Cartha. Eh, tháinig Naomh Cartha go paróiste Cill Chartha, paróiste Cill Chartha anseo. Fuair an paróiste an t-ainm ó Naomh Cartha. Tháinig sé féin agus Naomh Ciarán, tá tobar eile beannaithe amuigh anseo, tuairim agus ar míle go leath *or* míle agus trí ceathrú in bealach na gCeall ó nuair a bheifeá ag fágáil Cill Cartha idir míle go leith amach an bealach, tá sé ar taobh do láimhe deise ansin agus eh, tá turas, tá turas anseo ag Naomh Cartha, anseo i mBaile, i mBaile an Droichid anseo ar na Claidhne *or* Bealach an Teampaill mar a scairteann siad air, anois, tá dhá thobar thuas ansin; Tobar Mháire agus Tobar Chonaill agus síos an bealach uainn anseo, tá Tobar Cartha agus tá turas ansin, bíonn ar an 4ú de mí Mhárta an uile bhliain, bíonn an turas air agus tá Turas Chiaráin amuigh, bíonn sé ar, ar an 5ú lá de mí Mhárta agus eh, tosaíonn an turas ag an sean teach an phobail agus eh, téann sé ón sean teach an phobail síos go Tobar Cartha agus ansin aníos ó Tobar Cartha ar ais suas go Tobar Chonaill agus ó Tobar Chonaill go dtí Tobar Mháire agus ó Tobar Mháire isteach go dtí an reilig ar ais ag taobh an sean teach an phobail atá ansin. Agus tógadh an chéad, tháinig Naomh Cartha, nuair a tháinig sé, as, go Baile an Teampaill, a tháinig sé, in 640. Thart fá, thart fá na blianta sin a tháinig sé anseo go Cill Chartha agus eh, ní raibh sé ach cúpla, ní raibh sé ach tuairim agus ar sé ná seacht bhliana, blianta anseo sa pharóiste seo nuair a fuair sé bás agus tá, deir siad go bhfuil sé curtha sa sean reilig thall ansin ag taobh an sean teach an phobail. Thug, bunadh an Ghallda, thug siad an teach an phobail agus an reilig óna daoine, an pharóiste in 1610. Agus eh, ach, ní raibh Aifreann ar bith ann, suas, an chéad Aifreann a bhí ansin ó 1610, an chéad Aifreann a bhí ansin, bhí sé ag sagart as Leitir Ceanainn, an tAthair Éamonn Kelly agus bhí múid bródúil anseo, mé féin agus Annie Marie anseo, a bhí i ndéanamh cuidiú a thabhairt dó leis an tAifreann a bheith aige agus bhí an tAifreann sin ann i 2005 ar an 21ú de mí Mheithimh, eh, 2005 agus fuair muid lá an-deas fá choinne an Aifrinn ansin agus is é a bhí deas, an bhfuil a fhios agat, seo teach an phobail, a thug bunadh, bunadh an Ghallda, thug siad leath an teach an phobail,

scrios, scrios siad an tuí a bhí air, de, agus thug siad binn amháin agus leath den dá bhalla leofa síos go dtí an sean teach phobail, teach phobail úr a bhí siad ag gabháil a thógáil thíos ar an, thíos ag bun an bhealaigh agus eh, an dóigh nach mbeadh sé cóirithe níos mó, an bhfuil a fhios agat, an teach an phobail a bhí ann. Agus sin, sin mar tá an sean bhallóg sin agus an teach an phobail go fóill, níl ina seasamh ach binn amháin agus giota de dhá bhalla.

DÓNALL: Sin píosa maith staire anois, a Dhonnchaidh.

DONNCHADH: Mmm.

DÓNALL: Ar mhaith leat dán eile a rá domh, nó ceann nó dhó eile a Dhonnchaidh?

DONNCHADH: (Gáire).

DÓNALL: Ó tharla nach bhfuil tú ag gabháil a cheol (gáire).

DONNCHADH: Ach, léifidh mé amhrán duit

DÓNALL: ...Sea...

DONNCHADH: Léifidh mé amhrán duit

DÓNALL: Déan.

DONNCHADH: Agus eh, tá seo fá, tá seo fá Chuan Tamhnaigh, thig leat é a fheiceáil amach ón fhuinneog ansin agus seo, is iomaí uair, is iomaí lód gainimh a thóg mé ó, ó, ón, ón, eh, ón tráigh sin thíos ansin. Fán go bhfeicfidh mé anois, go bhfaighidh mé é.

(Sos) Anois, ní, seo, seo amhrán, á, agus ní bhíonn amhrán ag gabháil chomh maith agus giota filíochta (gáire).

DÓNALL: (Gáire) Shíl mé gur an rud amháin a bhí ann. Tá mé ag foghlaim achan lá, nach bhfuil?

DONNCHADH: Seo mar a théann sé.

Cuan Tamhnaigh.

Tá teach, tá, no, tá cuan bheag deas neas do mo theach, i ndeisceart Dhún na nGall, 's coill bheag deas ós cionn an tráigh, áit a bhfásann mórán cól.

Tá Cruach Mhucrais ard, ag amharc anuas ar Bhaile Lár 's an Tamhnaigh, Is é an áit is deise, a bhfearr liom féin a bheith neas do Chuan Tamhnaigh.

Is iomaí lá deas aoibhinn a shiúil mé thart fán chuan ó d'fhág mé Lag na Muirneach go raibh mé thíos ag ceann an dúin.

Bíonn mé ag caint le bunadh na háite, tráthnóna Samhraidh, is mé i mo sheasamh ar Spín na bhFuílleog neas do Chuan Tamhnaigh.

Shuigh mé síos os cionn Poll Mór, bhí an fharraige deas is ciúin,

Is na bádaí ag cur na líonta ón Ghobán Liath go béal an chuain,

Bhí rón mhór ag snámh thart ar chúl an Leic Bhuí is an godeora deas ag eitilt thart neas do Chuan Tamhnaigh.

Shiúil mé mórán bailte idir dhá cheann don tír mhór,

Is shuigh mé síos ar chathaoir an rí i gcaisleán an Drom Mór.

Sheas mé ag uaimh Mhéabha ar bharr Chnoc na Rí ach is é an áit is deise a bhfearr liom féin a bheith deas do Chuan Tamhnaigh.